Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 16 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11717/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0019(COD)**

CODEC 1203
AGRILEG 189
SEMENCES 38
AGRI 409
PE 91

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí le haghaidh an speicis asparagais agus na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha<br>- An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, an 13 go dtí an 16 Meán Fómhair 2021) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus leis an dearbhú Comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, Norbert LINS (EPP, DE) leasú comhréitigh (leasú 1) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, thar ceann an Choiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5.

## II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 13 Meán Fómhair 2021, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 1) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún arna leasú amhlaidh an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh, atá le fáil i rún reachtach an 14 Meán Fómhair 2021 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é[2].

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

---

[2] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail '▌' a léirítear téacs a scriosadh.

## P9_TA(2021)0363

## Cearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí: síneadh a chur leis an tréimhse chosanta le haghaidh cineálacha áirithe ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2021 maidir le togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí le haghaidh na speiceas asparagais agus le haghaidh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha (COM(2021)0036 – C9-0010/2021 – 2021/0019(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0036),

– ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus don chéad mhír d’Airteagal 118 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0010/2021),

– ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 24 Márta 2021[3],

– ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Iúil 2021 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe (A9-0171/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

[3] IO C 220, 9.6.2021, lch. 86.

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

**P9_TC1-COD(2021)0019**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 14 Meán Fómhair 2021 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2021/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le síneadh a chur le tréimhse chosanta *na* gceart Comhphobail maidir le *cineálacha* plandaí le haghaidh chineálacha an speicis *Asparagus officinalis* L. agus *na* ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 118, an chéad mhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[2],

1 IO C 220, 9.6.2021, lch. 86.
2 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Meán Fómhair 2021.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Deacrachtaí teicniúla maidir le pórú, de dheasca cúlraí géiniteacha casta nó de dheasca atáirgeadh an speicis ***Asparagus officinalis*** **L.** agus atáirgeadh na ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha a bheith mall nó casta go teicniúil, ní mór dul i ngleic leis na deacrachtaí sin trí bhíthin infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha. Chomh luath agus a thugtar cosaint do chearta maidir le cineálacha plandaí don speiceas sin agus do na grúpaí speicis sin, glacann sé roinnt blianta chun na plandaí a iolrú agus stoc a charnadh atá mór go leor chun ioncam réasúnta a shaothrú. Dá réir sin, an tréimhse ama ar féidir le sealbhóir na gceart maidir le cineálacha plandaí ioncam a shaothrú atá bunaithe ar an gcosaint sin lena linn, tá an tréimhse sin teoranta ▌. Chun infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt i leith ▌chineálacha ***na speiceas sin*** agus na ngrúpaí speiceas sin a spreagadh, is gá síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart maidir le cineálacha plandaí agus is gá gníomhaíochtaí pórúcháin ***a dhreasú*** chun cineálacha nua a fhorbairt chun riachtanais na bhfeirmeoirí agus na dtomhaltóirí ***a chomhlíonadh*** agus chun dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide. Bíonn ***tréimhse ama níos faide*** de dhíth ar na hinfheistíochtaí sin chun brabús a dhéanamh i gcomparáid leis an gcuid is mó de na speicis eile, amhail barra talmhaíochta, ar minic a bhíonn saolré níos giorra agus raon tomhaltóirí níos mó agus níos leithne acu.

(2) ***Maidir le*** cineál nua an speicis ***Asparagus officinalis*** **L.** agus na ngrúpaí speiceas ***bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha*** a thabhairt isteach ar an margadh agus a ghlacadh ar an margadh, bíonn tréimhse ama ***níos faide*** de dhíth ina leith sin ionas go mbeidh an cineál nua sin ***brabúsmhar ná mar a bhíonn de dhíth i leith speicis eile***, toisc gur léir ón taithí a fuarthas nach nochtar an luach tráchtála atá ar chineál nua den sórt sin ach amháin san fhadtéarma. Ar na cúiseanna sin, ní féidir aisíocaíocht chothrom a dhéanamh ar infheistíochtaí i dtaighde agus san fhorbairt ach amháin ag céim réasúnta déanach i gcosaint an speicis sin agus na ngrúpaí speiceas sin i gcomparáid le ▌ ***speicis*** eile.

***(3)*** ***Le Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle*[4]*, bunaítear córas ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí mar an t-aon fhoirm eisiach amháin ceart maoine tionsclaíocha de chuid an Chomhphobail le haghaidh cineálacha plandaí. I gcomhréir le hAirteagal 19(1) den Rialachán sin, tá tréimhse chosanta an chirt Comhphobail maidir le cineálacha plandaí le maireachtáil go dtí deireadh an 25ú bliain féilire nó, i gcás cineálacha speiceas fíniúna nó crainn, go dtí deireadh an 30ú bliain féilire, tar éis bhliain an deonaithe.***

(4) Chun timpeallacht dlí a bhunú a chabhródh le haisíocaíocht chothrom a bhaint amach, is iomchuí síneadh 5 bliana eile a chur le tréimhse cosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí ***le haghaidh chineálacha*** an speicis ***Asparagus officinalis L*** agus ***na*** ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha. ***Ba cheart feidhm a bheith ag an síneadh sin maidir le cearta a deonaíodh roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar an dáta sin nó ina dhiaidh.***

(5) Ar mhaithe le comhsheasmhacht, ba cheart feidhm a bheith ag síneadh den sórt sin maidir leis na cearta Comhphobail uile maidir le cineálacha plandaí ***le haghaidh chineálacha*** an speicis ***Asparagus officinalis L*** agus ***na*** ngrúpaí speiceas bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha.

(6) Ba cheart tréimhse an tsínte a laghdú más rud é go raibh éifeacht i mBallstát ag cearta maoine náisiúnta ***i leith*** na gcineálacha sin sular deonaíodh ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí agus, dá réir sin, gur ceadaíodh do phóraitheoirí a gcuid cineálacha a shaothrú cheana féin**,**

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

**4** Rialachán (CE) Uimh. 2100/94 ón gComhairle an 27 Iúil 1994 maidir le cearta Comhphobail maidir le cineálacha plandaí (IO L 227, 1.9.1994, lch. 1).

*Airteagal 1*

***Síneadh a chur le tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí***

▌

***1.*** Cuirfear síneadh 5 bliana le ***tréimhse chosanta na gceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí, dá bhforáiltear in Airteagal 19(1) de*** Rialachán ***(CE) Uimh. 2100/94, le haghaidh*** chineálacha an speicis ***Asparagus officinalis*** **L.** agus na ngrúpaí speiceas ***bleibeanna bláthanna, torthaí adhmadacha beaga agus plandaí adhmadacha ornáideacha*** ▌**.** ▌

2. Ní dochar mír 1 den Airteagal seo ***d'Airteagal 116(4), an ceathrú fleasc,*** de ▌ Rialachán ***(CE) Uimh. 2100/94.***

▌

***Airteagal 2***

***An síneadh a laghdú***

***I gcás cineálacha plandaí ar deonaíodh ceart náisiúnta amháin nó níos mó maidir le cineálacha plandaí dóibh sular deonaíodh ceart Comhphobail maidir le cineálacha plandaí dóibh, ach nach bhfuil feidhm*** ag Airteagal 116(4), an ceathrú fleasc, de Rialachán (CE) Uimh. 94/2100 ***maidir leo***, déanfar an síneadh dá bhforáiltear in Airteagal ***1 den Rialachán seo*** a laghdú faoin tréimhse is faide i mblianta féilire iomlána, tréimhse ar lena linn a bhí feidhm i mBallstát ag aon cheart nó aon chearta náisiúnta maidir le cineálacha plandaí a deonaíodh i leith an chineáil chéanna sular deonaíodh ***na cearta*** Comhphobail maidir le cineálacha plandaí.

▌

### *Airteagal 3*

### **Teacht i bhfeidhm ▌**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

▌

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa… ,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |